Feidhmeannach Chultúra agus Turasóireachta

Sonraí Poist

Tá **Amharclann Ghaoth Dobhair,** ag tairiscint post ar chonradh bliana mar Feidhmeannach Chultúrtha & Turasóireachta.

An Post

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Amharclann Ghaoth Dobhair agus beidh sé de chúram ar an te a cheapfar clár oibre turasóireachta chultúrtha agus ealaíon a bhainistiú agus a riaradh i gcomhar le Coiste na hAmharclainne.

Tá fáilte roimh iarratais ó dhaoine le cáilíochtaí i dturasóireacht chultúrtha nó i riaracháin na n-ealaíon nó cáilíochtaí ábhartha tríú leibhéal eile, chomh maith le taithí i bhforbairt agus i gcur chun cinn togra turasóireachta chultúrtha nó ealaíona.

I measc príomhfhreagrachtaí an Fheidhmeannach Chultúrtha agus Turasóireachta beidh bainistiú agus tógáil ar an chlár forbartha turasóireacht chultúrtha agus ealaíona atá í bhfeidhm in Amharclann Ghaoth Dobhair faoi láthair.

Ní mór d'iarratasóirí na scileanna / tréithe / an taithí seo a leanas a bheith acu:

- líofacht Gaeilge labhartha agus cruinneas Gaeilge scríofa
- taithí ag obair / bainistiú ionad turasóireachta chultúrtha nó ionad ealaíona
- saineolas i gcúrsaí riaracháin agus forbairt turasóireachta chultúrtha
- tuiscint ar earnáil turasóireachta náisiúnta agus ar eagrais stáit atá ag plé leis an earnáil
- saineolas ar chomhthéacs agus polasaithe do na healaíona in Éirinn
- sárscileanna cumarsáide
- tuiscint ar na meáin shóisialta & na hardáin dhigiteacha agus ar na slite le h-iad a úsáid mar uirlis bholscaireachta & margaíochta;
- taithí ag bainistiú airgid agus sreabhadh ioncaim
- taithí ag déanamh iarratais ar fhoinsí maoinithe.
- ceadúnas glan tiomána

Freagrachtaí

- Imeachtaí an ionaid a bhainistiú agus a eagrú i gcomhréir leis an choiste bainistíochta ;
- Caiteachas a rialú agus a bhainistiú i gcomhréir leis an choiste bainistíochta;
- Oibriú le páirtithe éagsúla chun maoiniú oiriúnach a aithint don Amharclann agus iarratais a réiteach ina leith sin;
- Tuiscint ar na meáin shóisialta & na hardáin dhigiteacha agus conas iad a úsáid mar uirlis bholscaireachta & margaíochta;
- Suíomh idirlín agus na meáin shóisialta a choinneáil suas go dáta;
- Dul i mbun comhairle le soláthraithe táirgí / seirbhísí turasóireachta/ ionaid ealaíona atá ann chun cúnamh/comhairle a thabhairt lena gcuid gníomhaíochtaí margaíochta;
- An amharclann a fhorbairt mar ionad turasóireachta don cheantar agus mar láthair eolais do thurasóirí;
- Tabhairt faoi aon dualgas gaolmhar eile de réir mar is gá chun an tionscnamh

Líonra Foghlamtha

Tá an post seo á pháirt-mhaoiniú faoi thionscnamh turasóireachta de chuid Údarás na Gaeltachta agus beidh an té a cheapfar páirteach i ngréasán foghlama de thograí straitéiseacha turasóireacht sa Ghaeltacht.

Bainistíocht: Beidh an t-oifigeach freagrach do Choiste na hAmharclainne.

Tuarastal: €35,000 sa bhliain (conradh bliana)

Láthair: Beidh an duine lonnaithe in Amharclann Ghaoth Dobhair

Caithfear iarratas don phost a bheith seolta isteach roimh **3pm, 24ú Marta 2023.**

Tuilleadh eolais : Teil. (074) 9532687 nó R-phost: amharclann1961@gmail.com

Údarás na Gaeltachta